# Aguisín

## Bailte Fearainn

Déantar áireamh ar mhaithe le Daonáireamh ar dtus báire de réir bailte fearainn i gceantair tuaithe agus de réir sráide i gceantair uirbeacha. Is é an Baile Fearainn an roinn is lú críche a bhaintear úsáid as ar mhaithe le cúrsaí riaracháin. Níor cuireadh figiúirí daonra maidir le bailte fearainn, tá timpeall 51,000 díobh ann, i gcló ó bhí Daonáireamh 1911 ann. Ní bhaintear úsáid as bailte fearainn mar cheantair riaracháin taobh istigh de theorainneacha de cheantair uirbeacha atá leagtha síos sa dlí – Cathracha agus Bailte. Don chuid is mó de na ceantair eile uirbeacha gan teorainneacha atá leagtha síos sa dlí ní féidir figiúirí daonra bailte fearainn a chur le chéile mar tá scrios déanta ag forbairt na tógála ar na gnéithe fisiciúla a bhíodh in úsáid ar léarscáileanna ag an tSuirbhéireacht Ordanáis le teorainneacha na mbailte fearainn a leagan síos.

## Toghranna (ED)

Faoi Roinn 23 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994 tháinig athrú ar an téarma Toghroinn Cheantair chuig Toghroinn. Tháinig an t-athrú seo i bhfeidhm ar an 24 Meitheamh 1996 (I.R. 196 de 1996). Faoi Rialachán Leasuithe Chontae Bhuirg Átha Cliath (Bardaí), 1997 rinneadh leasú ar an ainm Gort na Silíní chuig an ainm Carna (I.R. 43 de 1997). Is é an Toghroinn an ceantar is lú riaracháin lena bhfoilsítear staitisticí daonra. I gceantair tuaithe is ionann gach Toghroinn agus comhiomlán bailte fearainn iomlána. Tá 3,440 Toghranna sa Stát agus tá a ndaonra tugtha i dTábla 6 den fhoilseachán seo.

## Ceantair Bhaile agus Tuaithe

Déantar Toghranna a chur le chéile le Bailte[1] (nó Cathracha nuair is cuí) agus Ceantair Tuaithe a dhéanamh, agus ansin cuirtear le chéile iad le contaetha a dhéanamh suas. Tháinig deireadh mar cheantair riaracháin sa bhliain 1925 leis an 160 Ceantair Tuaithe (i gcás Ceantair Tuaithe i gContae Átha Cliath tháinig deireadh leo sa bhliain 1930) ach tá siad coinnithe ar mhaithe le cúrsaí daonáirimh mar aonaid áitiúla ceantair, meán mhéid idir Toghranna agus Contaetha. Tugtar ceantair tuaithe orthu sa thuairisc reatha. I gcás Contae Átha Cliath, áfach, ní féidir figiúirí na gCeantar Tuaithe a chur le chéile mar gheall ar athbhreithnithe móra atá déanta thar na blianta ar theorainneacha na dToghranna. Tá figiúirí daonra do Bhailte agus do cheantair tuaithe tugtha i dTábla 6 den imleabhar seo.

## Contaetha agus Cathracha

Faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (I.R. 591 de 2001), tugtar anois Cathracha ar na ceantair ar a tugadh Buirgí Contae. Tugtar anois Buirgí ar cheantair ar a tugadh Buirgí Cathracha cheana. Tugtar anois Tiobráid Arann Thuaidh agus Tiobráid Arann Theas faoi seach ar na ceantair ar a tugadh cheana Trian Thuaidh Thiobráid Árann agus Trian Theas Thiobráid Árann.

I dtuairiscí an daonáirimh déantar an tír a roinnt i 29 Contae agus cúig Chathair. Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath tá 26 contaetha riaracháin ann (is contae faoi leith iad Tiobráid Árann Thuaidh agus Tiobráid Arann Theas ar mhaithe le cúinsí riaracháin) agus ceithre Chathair, i.e. Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh. I mBaile Átha Cliath déantar ceithre cheantar a ainmniú iontu féin, is iad sin Cathair Bhaile Átha Cliath agus an trí Chontae Riaracháin de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas.

Ó am go chéile déantar teorainneacha na gCathracha a athrú ag brath ar leathnú amach de bharr na tógála agus ní féidir, mar sin, figiúirí siarghábhálacha daonra gur féidir a chur i gcomparáid lena chéile a thaispeáint thar thréimhse fhada. Ach, ar an taobh eile den scéal níl ach fíorbheagán tionchar ar chontaetha ag athrú i dteorainneacha agus is féidir daonra an chontae a chur i gcomparáid (na

[1] Tá liosta iomlán síntí le teorainneacha Bailte a tháinig i bhfeidhm faoi Orduithe Rialtais tugtha in Aguisín 4.

Cathracha cuí san áireamh) thar tréimhse fhada ama. Tá sé seo déanta i dTábla 2, a léiríonn figiúirí daonra contae do gach bliain daonáirimh ó 1841 go 2006.

## Dáilcheantair

Ar mhaithe le toghcháin do Dháil Éireann tá an tír roinnte i nDáilcheantair. Ní mór, de réir Alt 16.4, de Bhunreacht na hÉireann, athbhreithniú a dhéanamh orthu ar a laghad gach dhá bhliain déag ag tabhairt athruithe i ndáileadh an daonra san áireamh. Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar na Dáilcheantair sa bhliain 2005 agus tá sonraí maidir lena ndéantús ar fáil sa Sceideal um Acht Toghcháin (Leasú) (Uimhir 16) 2005. Tá daonra 2006 do na ceantair seo tugtha i dTábla 8.